Northern Ireland Executive
www.northernireland.gov.uk
DELIVERING SOCIAL CHANGE

Early Intervention Transformation Programme

The ATLANTIC Philanthropies

ULLMHÚ I DTREO NA FOGHLAMA (GRtL)

Timpeallacht Foghlama an Bhaile a Fheabhsú

Paca Iarratais

Clár Bunathraithe Luath-idirghabhála

Ullmhú i dtreo na Foghlama

Tá réimse leathan d'fhianaise ann i dtaca leis na tairbhí a thagann le rannpháirtíocht mhéadaithe tuismitheora, rud, a fuarthas amach, ar mó a thionchar ar fholláine agus ar ghnóthachtáil páistí ná toisc ar bith eile, amhail ioncam teaghlaigh, leibhéal oideachais tuismitheora nó timpeallacht na scoile. Is téarma é an timpeallacht foghlama baile a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí (m.sh. léamh le páistí, péintéireacht agus tarraingt pictiúr) a mbíonn tuismitheoirí ag gabháil dóibh in éineacht lena gcuid páistí a mbíonn tionchar dearfach acu ar fhorbairt an pháiste (Field, 2010).

Tá an Roinn Oideachais, i gcomhpháirt leis an Údarás Oideachais ag cur fáilte roimh thograí faoi chlár úr maoinithe le tacú le tuismitheoirí[1] timpeallacht foghlama baile a gcuid páistí óga a fheabhsú. Idir Márta 2016 agus Meitheamh 2019, tá an tÚdarás Oideachais ag brath ar thacú le roinnt tograí ó iarratasóirí a bheas in ann idirghabhálacha a sheachadadh le haidhm an chláir a chomhlíonadh, mar atá, tacú le tuismitheoirí timpeallacht foghlama baile a bpáistí a fheabhsú.

Is é is aidhm le hUllmhú i dtreo na Foghlama, teagmháil a dhéanamh le agus dul i gcion ar thuismitheoirí páistí réamhscoile trí láidreacht an Chláir Uilíoch Oideachas Réamhscolaíochta a sholáthraíonn Curaclam Réamhscoile TÉ; mholfadh muid go láidir, mar sin de, do gach suíomh iarratas a dhéanamh.

1 *I gcás gach tagairt do 'tuismitheoir' i dtaca leis an tionscadal agus le rannpháirtíocht in Ullmhú i dtreo na Foghlama, cuimsíonn sé seo príomhchúramóir an pháiste.*

Paca Iarratais

Cad é an rud é Clár Bunathraithe Luath Idirghabhála?

Is Clár Aitheantais é an Clár Bunathraithe Luath Idirghabhála (EITP) de chuid Feidhmeannas TE / Seachadh Athrú Sóisialta Atlantic Philanthropies, atá cómhaoinithe ag an Chiste Seachadta Athrú Sóisialta, RSSSSP, DE, DoJ, RFS, RFF agus The Atlantic Philanthropies. Tá sé mar aidhm ag an chlár torthaí do leanaí agus do dhaoine óga ar fud Thuaisceart Éireann a fheabhsú trí chuir chuige luath-idirghabhála a neadú.

Cuimsíonn an Clár EITP roinnt sruthanna oibre; is í an Roinn Sláinte Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí (RSSSSP) a stiúrann Clár foriomlán EITP agus is í an Roinn Oideachais a stiúrann an mhír 'Ullmhú i dtreo na Foghlama' de Shruth Oibre 1.

Is féidir breis eolais a fháil trí na naisc seo thíos:

https://www.dhsspsni.gov.uk/articles/early-intervention-transformation-programme

https://www.dhsspsni.gov.uk/publications/early-intervention-transformation-programme-newsletters

Cad é atá i gceist le Sruth Oibre 1?

Féachann Sruth Oibre 1 le tuismitheoirí a fheistiú leis na scileanna, an tacaíocht agus an chumhacht chun an tús is fearr agus is féidir sa tsaol a thabhairt dá bpáistí. Cuimsíonn sé trí chomhpháirt ar leith:

Ullmhú don Bhabaí	Dírithe ar chúram máithreacha, idir ospidéalbhunaithe agus phobalbhunaithe, a bhunathrú, ón chéad choinne dochtúra go dtí breith an bhabaí.
Ullmhú don Tachrán	Dírithe ar luath-idirghabháil a neadú sna croíchuairteanna sláinte, agus béim ar fhorbairt shóisialta agus mhothúchánach páistí atá ag freastal ar an réamhscolaíocht a fheabhsú.
Ullmhú i dtreo na Foghlama	Dírithe ar thorthaí a fheabhsú do pháistí sa réamhscolaíocht trí dhul i bhfeidhm ar thuismitheoirí agus a gcumhachtú le cuidiú leo timpeallacht dhearfach foghlama a chruthú agus a chothú sa bhaile.

Paca Iarratais

Cad é atá i gceist le hUllmhú i dTreo na Foghlama(GRtL)?

Féachann an tionscadal 'Ullmhú i dtreo na Foghlama'(GRtL) laistigh de Shruth Oibre 1 le tacú le soláthróirí réamhscolaíochta ina bhfuil áiteanna atá maoinithe ag RO d'fhonn an rannpháirtíocht tuismitheora i luathfhoghlaim páistí a spreagadh agus a fhorbairt le huas-ionchur tuismitheora a chinntiú ag an ré ríthábhachtach seo de luathfhorbairt inchinne na bpáistí.

Rinneadh an Creat GRtL faoi choinne Iarratais Maoinithe (atá ceangailte in Aguisín 1) a fhorbairt bunaithe ar thaighde agus fianaise den chleachtas is fearr i leith dul i gcion ar thuismitheoirí. Bhíothas meabhrach fosta ar thorthaí suirbhé ar líne le cleachtóirí sláinte agus oideachais agus ar thorthaí ceardlanna le tuismitheoirí. Is é an tátal a baineadh as na torthaí seo ar fad go mbainfeadh tuismitheoirí sochar as níos mó eolais ar:

- ☑ an dóigh a bhforbraíonn páistí, lena n-áirítear ceangal agus forbairt inchinne;
- ☑ a thábhachtaí atá an caidreamh tuismitheoir-páiste i dtaca le forbairt agus iompar an pháiste;
- ☑ a thábhachtaí atá oideachas agus foghlaim le linn na luath-óige; agus
- ☑ a thábhachtaí atá stíl mhaireachtála agus aiste bia shláintiúil.

Táthar i ndiaidh ceithre chroí-chur chuige théamacha a shainaithint sa mhéid go bhfuil ábharthacht áirithe ag baint leo i dtaca le tuismitheoirí páistí scoilaoise:

1. Léamh Roimh Dhul a Luí
2. Éiríonn leis an Oideachas sa Réamhscoil
3. Páistí Sona Sláintiúla
4. Aoiseanna & Céimeanna 3-4

Tá sonraí sa Chreat (atá ceangailte in Aguisín 1) ar na spriocanna agus torthaí ardleibhéil ar cheart an maoiniú a bheith ag tacú leo trí gach ceann de na ceithre théama; tá sonraí chomh maith ar mhúnlaí/formáidí molta.

Paca Iarratais

Tig le suíomhanna rogha a dhéanamh idir ceann amháin de na téamaí agus na ceithre cinn acu a sheachadadh agus beidh orthu mionsonraí a thabhairt maidir leis na fáthanna ar roghnaigh siad an téama/na téamaí seo, an méid atá beartaithe acu a dhéanamh agus an dóigh a ndéanfaidh siad é. D'fhéadfadh sé go mbeadh suíomhanna ag iarraidh dul i gcomhairle leis an chohórt reatha tuismitheoirí lena dhéanamh amach cén téama nó cé na téamaí is mó a mbeadh dúil acu iontu agus cé acu ba thairbhí agus an chomhairle seo a úsáid lena n-iarratas a threorú. Ba cheart go mbeadh sé soiléir ón iarratas cén dóigh a mbeadh na tograí inbhuanaithe agus cén dóigh a ndéanfadh siad an cleachtas a bhunathrú m.sh. acmhainn na foirne a fheabhsú, áiseanna úra agus in-athúsáidte a cheannach/athnuachan srl.

Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Gach suíomh a sholáthraíonn Curaclam Réamhscoile[2] TÉ do pháistí spriocaoise (3-4) sa bhliain acadúil 2016/17, mar atá:

- ☑ Naíscoileanna
- ☑ Aonaid naíscoile i mbunscoileanna
- ☑ Suíomhanna príobháideacha nó deonacha ina bhfuil áiteanna Clár Oideachas Réamhscolaíochta (PSEP)
- ☑ Tá bunscoileanna i dteideal iarratas a dhéanamh fosta más amhlaidh go soláthraíonn siad Curaclam Réamhscoile TÉ do pháistí réamhscoile i rang réamhbhliana
- ☑ Scoileanna Speisialta

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó shuíomhanna aonair nó ó bhraisle de shuíomhanna a bhfuil sé beartaithe acu an clár a sheachadadh i gcomhpháirt (b'fhéidir go gcuimseodh braislí idir shuíomhanna reachtúla agus shuíomhanna neamhreachtúla). Mar chuid de bhraisle, ní mór suíomh ceannais amháin a bheith ann a bheas toilteanach maoiniú a riar, seachadadh a mhaoirsiú agus tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí i ngach suíomh sa bhraisle. Is ceadmhach don tsuíomh ceannais cur isteach ar tháille ainmniúil riaracháin mar chuid den iarratas fhoriomlán (suim nach mó ná 5% den iarratas fhoriomlán). Ní ceadmhach do shuíomhanna réamhscolaíochta aonair a bheith cuimsithe in iarratas ó bhraisle agus ansin iarratas eile ar leith a dhéanamh astu féin.

2 Treoir Churaclaim faoi choinne Oideachas Réamscoile.

Paca Iarratais

Cén maoiniú atá ar fáil faoi choinne GRtL agus cad é a chuimsíonn sé?

Laistigh de Chreat GRtL faoi choinne Iarratais ar Mhaoiniú (atá ceangailte in Aguisín 1), tá uasmhéid táscach maoinithe ar fáil in aghaidh an tsuímh agus in aghaidh an téama. Is iad RO agus an tÚdarás Oideachais (ÚO) a shocróidh leibhéal an mhaoinithe i gcás gach iarratas faofa, bunaithe ar thosca amhail líon na n-iarratas, líon na dtéamaí atá beartaithe, líon na bpáistí i ngach rang, líon tuartha na dtuismitheoirí a bheas rannpháirteach agus luach ar airgead.

Más mó luach iomlán na n-iarratas ná an maoiniú atá ar fáil i ngach bliain, d'fhéadfadh sé nach bhfaigheadh roinnt suíomhanna an maoiniú ar fad ba mhaith leo leis na téamaí uilig a sheachadadh nó le hiad a sheachadadh ag an leibhéal ba mhaith leo. Beidh ar shuíomhanna a léiriú, mar sin de, a n-ord roghnachais i dtaca leis na téamaí molta.

Tá an maoiniú saindírithe ar shuíomhanna a chumasú le dul i gcion ar thuismitheoirí, agus, dá réir, ní bheidh maoiniú ar fáil le trealamh réamhscolaíochta cineálach nó le bogearraí/crua-earraí TF a cheannach. Tá sonraí sa Chreat in Aguisín 1 ar chostais tháscacha agus méideanna uasta faoi choinne caiteachas incháilithe.

Beidh ar shuíomhanna mionsonraí a thabhairt ar na costais a bheas de dhíth leis an téama/na téamaí a chur i bhfeidhm, agus ba cheart na costais mholta a bheith réadúil agus bunaithe ar riachtanais shainiúla an tsuímh (seachas iarratas a dhéanamh ar an mhéid uasta). Beidh ar shuíomhanna chomh maith sonraí a thabhairt ar fhoinsí ar bith eile maoiniúcháin atá acu le baol an mhaoiniúcháin dhúblailte a sheachaint.

Ní mór go mbeidh tograí ag teacht le prionsabail luach ar airgead, mar atá, barrainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht gníomhaíochtaí a fheabhsú, agus tiomantas i leith inbhuanaitheacht todhchaí tráth a dtiocfaidh laghdú ar nó deireadh le maoiniú an tionscnaimh seo.

Cén túsphointe óna mbeidh an maoiniú ar fáil?

Beidh maoiniú ar fáil thar thrí bliana -2016/17, 2017/18 agus 2018/19.

Cá huair a gheobhaidh suíomhanna an maoiniú?

Cuirfidh an ÚO in iúl do shuíomhanna i mí an Mheithimh méid an mhaoinithe a gheobhaidh siad le héifeacht ó Mheán Fómhair 2016. Leithdháilfear maoiniú ar shuíomhanna i Meán Fómhair agus ní mór é a bheith caite roimh dheireadh na bliana airgeadais i.e. an 31 Márta 2017.

An mbeidh ar shuíomhanna cur isteach gach bliain ar mhaoiniú?

Beidh. Beidh iarratas ar leith ar mhaoiniú de dhíth i ngach bliain de na trí bliana.

An mbeidh ar shuíomhanna cur isteach ar théama difriúil gach bliain?

Tig le suíomhanna idir ceann amháin agus na ceithre cinn de na téamaí a roghnú. Ní gá téama difriúil a sheachadadh gach bliain.

An bhfuil aon fhaisnéis/treoir ar fáil faoi choinne gach téama?

Tá sonraí sa Chreat (atá ceangailte in Aguisín 1) ar na spriocanna agus torthaí ardleibhéil ar cheart an maoiniú a bheith ag tacú leo trí gach ceann de na ceithre théama agus tá sonraí ann ar mhúnlaí/formáidí molta.

An mbeidh ar bhaill foirne réamhscoile na ceardlanna/seisiúin tuismitheoirí a óstáil/sheachadadh?

Beidh. Beidh ar chleachtóirí luathbhlianta na ceardlanna/seisiúin a sheachadadh ina suíomh féin, bunaithe ar an tsaineolas atá acu ar sholáthar Churaclam Réamhscoile TÉ.

Paca Iarratais

An ceadmhach don tsuíomh an maoiniú a úsáid le hionchur nó seirbhísí proifisiúnta a fháil?

Is é is cuspóir leis an mhaoiniú ná tógáil ar acmhainn na mball foirne laistigh de shuíomhanna réamhscolaíochta le dul i gcion go héifeachtach ar thuismitheoirí, mar sin de, níltear ag dúil le go n-úsáidfear an maoiniú le héascaitheoirí seachtracha a cheannach isteach. Cuirfidh an ÚO treoir agus acmhainní ar fáil le tacú le baill foirne ullmhúchán a dhéanamh leis na seisiúin a éascú. Éascófar cnuasghrúpaí áitiúla fosta de réir mar a rachfar chun cinn leis an chlár le deiseanna oiliúna agus deiseanna scaipthe cleachtas éifeachtach a sholáthar.

D'fhéadfadh sé go mbeadh 'saineolaithe' áitiúla ábhartha ann (amhail teiripeoirí urlabhra agus teanga, cuairteoirí sláinte, leabharlannaithe) a bheas toilteanach cur i láthair a dhéanamh ag seisiúin tuismitheoireachta mar chuid dá gcuid dualgas gairmiúil ach seans go mbeadh sé seo difriúil ó phobal go pobal.

An bhfuil aon chroí-theachtaireachtaí ann ba cheart a sheachadadh do thuismitheoirí?

Cuirfear ar fáil comhairle bhreise i dtaca le croí-theachtaireachtaí faoi choinne gach téama. Beidh na croí-theachtaireachtaí bunaithe ar an taithí atá agat ar bheith ag obair le páistí réamhscoile. Is minic gur féidir leanúint sa bhaile de na heispéiris a bhíonn ag páistí sa réamhscoil nó tig le tuismitheoirí agus baill teaghlaigh eile tacú leis na deiseanna foghlama a sholáthraítear tríd an churaclam.

Cad é mar a dhéanfar iarratais a mheasúnú?

Déanfaidh painéal nó painéil iarratais gach iarratas ar mhaoiniú a mheasúnú. D'fhéadfadh sé go mbeadh san áireamh ar gach painéal oifigigh de chuid RO, oifigigh ÚO agus ionadaithe/baill foirne de chuid Atlantic Philanthropies.

Is clár uilíoch é seo agus cuirfidh painéil iarratais san áireamh na nithe seo a leanas agus riachtanais fhoriomlána maoiniúcháin á measúnú acu:

- ☑ líon na dtuismitheoirí a meastar a bheas rannpháirteach;

- ☑ líon na bpáistí spriocaoise atá rollaithe sa tsuíomh in 2015/16 agus rollachán tuartha faoi choinne 2016/17;
- ☑ torthaí cigireachta – i dtaca le hacmhainn an tsuímh gníomhaíochtaí ardchaighdeáin a sheachadadh do thuismitheoirí, nó an acmhainn le gníomhaíochtaí úra agus éagsúla, lena mbeadh tacaíocht ar fáil, a sheachadadh;
- ☑ taithí roimh ré – seans go mbeadh straitéisí rathúla i bhfeidhm cheana i roinnt mhaith suíomhanna le dul i gcion ar thuismitheoirí agus i dtaca le hoideachas tuismitheoireachta;
- ☑ luach ar airgead;
- ☑ maoiniú eile a bheith ar fáil ag an tsuíomh le tacú le gníomhaíochtaí cosúla;
- ☑ fianaise áitiúil de riachtanas sainiúil nó breise i dtaca le tacaíocht tuismitheoireachta (i.e. na fáthanna atá le seachadadh an téama/na dtéamaí roghnaithe);
- ☑ inbhuanaitheacht an chuir chuige bheartaithe i.e. an mbeidh an suíomh in ann seirbhísí cosúla a sheachadadh i mblianta sa todhchaí le níos lú maoiniúcháin nó gan aon mhaoiniú breise; agus
- ☑ líon iomlán agus luach na n-iarratas a fhaightear.

Nuair is iomchuí, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí faisnéis bhreise ar iarratasóirí, ó bhéal nó scríofa, le tacú lena n-iarratas.

Ansin, cuirfear in iúl d'iarratasóirí an cinneadh a rinneadh i dtaca le maoiniú agus déanfaidh an tÚO an maoiniú a leithdháileadh.

Cad é mar a dhéanfar monatóireacht agus breithmheas ar GRtL?

Bainfidh RO/ÚO feidhm as an chreat Cuntasacht Thorthaí-bhunaithe (CTB) le breithmheas agus monatóireacht ghinearálta a dhéanamh. Cuirfear teimpléid chaighdeánacha tuairiscithe agus amscálaí faoi choinne chur i gcrích ar fáil do shuíomhanna.

Paca Iarratais

Cad é atá i gceist le Cuntasacht Thorthaí-bhunaithe (OBA)?

Is ionann OBA agus an creat a úsáidtear ar fud EITP agus roinnt mhaith tionscnamh eile de chuid Seachadadh Athrú Sóisialta le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus rathúlacht. Is cur chuige cruthanta é seo i leith pleanáil seirbhísí agus measúnú a dhéanamh ar a bhfeidhmíocht, mar a ndírítear ar thorthaí a bhfuil sé beartaithe iad a bhaint amach trí na seirbhísí seo. Ar a bharr sin, tá i bhfad níos mó i gceist leis ná uirlis le seirbhísí éifeachtacha a phleanáil nó cinntíonn sé athrú straitéiseach agus cultúrtha trí eagrais a stiúradh ar shiúl ó fhócas ar thorthaí agus próisis mar eochairtháscairí rathúlachta go dtí fócas mar a neadaítear torthaí níos fearr mar phríomhchuspóir ag an eagras.

San EITP, díreofar cur i bhfeidhm an OBA ar na ceisteanna a leanas:

- ☑ Cá mhéad a rinne muid?
- ☑ Cá fheabhas a rinne muid é? agus
- ☑ An fearrde aon duine é?

Cuirfidh ÚO teimpléad caighdeánach tuairiscithe ar fáil do shuíomhanna tráth fógartha na gcinntí maoiniúcháin le sonraí comhréireacha a ghabháil faoi choinne gach ceann de na ceithre théama. Beidh ar shuíomhanna an fhormáid seo a úsáid agus tuairisciú á dhéanamh ar dhul chun cinn in GRtL, agus beidh orthu:

- ☑ faisnéis feidhmíochta a bhailiú m.sh. trí cheistneoirí réamh- agus iarchláir;
- ☑ uirlisí/ceistneoirí bailithe sonraí comhlánaithe a chur chuig an ÚO faoi choinne anailís dearbhaithe cáilíochta; agus tuairisciú a dhéanamh chuig RO agus chuig Bord Chlár EITP.

Ansin, déanfaidh an tÚO:

- ☑ monatóireacht ar fhorfheidhmiú na gclár lena chinntiú go mbíonn siad á seachadadh ar ardchaighdeán;

- ☑ tacú le agus monatóireacht a dhéanamh ar ghabháil sonraí agus ar thorthaí agus a chinntiú go mbíonn córais éifeachtacha rialachais agus cuntasachta i bhfeidhm;
- ☑ sonraíocht torthaí a shainscagadh ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach;
- ☑ iniúchadh / fíorú a dhéanamh ar chaiteachas, ba chóir do shuíomhanna a thabhairt dá n-aire go mbeidh maoiniú GRtL faoi réir iniúchta agus gur gá do shuíomhanna taifid den chaiteachas a choinneáil m.sh. sonraisc;
- ☑ breithmheas ar an chlár i ndiaidh Bhliain 1; agus
- ☑ foghlaim ardleibhéil ón dea-chleachtas a scaipeadh.

Déanfaidh an ETI, le linn gnáthghníomhaíochtaí cigireachta, breithmheas ar chaighdeán na teagmhála tuismitheora agus cé acu atá clár GRtL á fheidhmiú nó nach bhfuil.

An gá baill foirne a oiliúint san OBA le go mbeidh siad in ann na foirmeacha meastóireachta a chomhlánú?

Ní gá. Cuirfear teimpléid chaighdeánacha tuairiscithe ar fáil do shuíomhanna lena gcomhlánú, a ndéanfaidh oifigigh ÚO a bhfuil oiliúint OBA faighte acu iad a shainscagadh ina dhiaidh sin.

Cad é ról na Roinne Oideachais (RO)?

Tá RO i ndiaidh bheith ag obair le comhghleacaithe ar fud earnáil an oideachais luathbhlianta agus na sláinte maidir le forbairt GRtL. Beidh ról i gcónaí ag RO maidir le maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú GRtL lena n-áirítear monatóireacht agus maoirsiú straitéiseach ar an tacar de chláir ‘Ullmhaithe’, in éineacht le comhghleacaithe san earnáil sláinte. Beidh ról chomh maith ag RO i maoirsiú an phróisis iarratais.

Paca Iarratais

Cad é ról an Údaráis Oideachais(ÚO)?

Soláthróidh an ÚO ceannasaíocht, treoir straitéiseach agus tacaíocht oibríochtúil do shuíomhanna réamhscolaíochta atá ag glacadh páirt sa chlár GRtL. Cinnteoidh an ÚO comhleanúnachas agus caighdeán na seirbhíse le go mbainfidh páistí réamhscoile agus a dteaghlach tairbhe as an mhaoiniú breise a chuirfear ar fáil.

Déanfaidh an ÚO an clár a riar agus an próiseas iarratais a bhainistiú. Beidh an ÚO ag comhoibriú leis na suíomhanna a gheobhaidh an maoiniú seo le riachtanais dearbhaithe cáilíochta áitiúla a éascú.

Cuirfidh an ÚO na teimpléid tuairiscithe chaighdeánacha ar fáil lena gcomhlánú ag suíomhanna agus déanfaidh an ÚO monatóireacht agus breithmheas ar na torthaí.

Paca Iarratais

Cad é an spriocdháta faoi choinne iarratas?

Ní mór foirmeacha iarratais (féach Aguisíní 2 agus 3) a bheith faighte roimh 5pm ar **an Aoine, an 29 Aibreán 2016**.

Iarrtar ort an fhoirm a chur trí ríomhphost chuig: **GRtL@eani.org.uk** nó tríd an ghnáthphost chuig:

Lorna Gardiner
an tÚdarás Oideachais
Lárionad Boird Aontroma
17 Bóthar an Locha
Antrim BT41 4DH

Ba cheart do shuíomhanna cóip dá bhfoirm iarratais a choinneáil ar mhaithe lena gcuid taifead féin.

Cá háit a dtig liom teacht ar an fhoirm iarratais?

Tá foirmeacha iarratais (faoi choinne iarratas suíomh aonair agus iarratas braislí suíomhanna) ar fáil lena n-íoslódáil ó:

www.eani.org.uk/grtl

nó

https://www.deni.gov.uk/articles/getting-ready-learn-early-intervention-transformation-programme

An dtig liom teagmháil a dhéanamh le duine ar bith má bhíonn ceisteanna agam?

Iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Oideachais i gcás ceisteanna ginearálta trí ríomhphost chuig **GRtL@eani.org.uk**, nó i gcás ceisteanna níos sainiúla, teagmháil a dhéanamh le Lorna Gardiner ag **lorna.gardiner@eani.org.uk** nó 028 9448 2200.

Paca Iarratais

Má tá cuidiú ar bith de dhíth ort lena shocrú cén téama / clár a gcuirfidh tú isteach air, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Speisialtóir Luathbhlianta s'agat (i gcás suíomhanna neamhreachtúla), leis an Eagras Luathbhlianta nó le hAltram (i gcás suíomhanna Gaeloideachais).

Má tá aon cheisteanna eile agat faoi EITP, iarrtar ort teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Oideachais:

Margaret-Ann Corbett (RO)	028 9127 9272
Bryan Laverty (RO)	028 9127 9413
Cathy Galway (RO)	028 9127 9544

Cad é an t-amscála faoi choinne GRtL?

Is clár 3 bliana é seo faoi choinne na bhlianta acadúla 2016/17, 2017/18 agus 2018/19. Tig le suíomhanna a léiriú an bhfuil sé beartaithe acu cur isteach ar mhaoiniú i ngach ceann de na trí bliana ach beidh an maoiniú faoi réir iarratas bliantúil, dul chun cinn, bainistiú feidhmíochta, cuntasacht, maoiniú todhchaí a bheith ar fáil agus cé acu atá nó nach bhfuil an suíomh go fóill mar chuid den Chlár Oideachais Réamhscoile gach bliain.

Amscálaí Todhchaí

Márta 2016	Gairm iarratas faoi choinne bhliain acadúil 2016/17
Márta 2017	Gairm iarratas faoi choinne bhliain acadúil 2017/18
Márta 2018	Gairm iarratas faoi choinne bhliain acadúil 2018/19

Gluais

AP	Atlantic Philanthropies
RO	An Roinn Oideachais
RFF	An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
RSSSSP	An Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí
RDC	An Roinn Dlí is Cirt
DSC	Seachadadh Athrú Sóisialta
RFS	An Roinn Forbartha Sóisialta
GRtL	Ullmhú i dtreo na Foghlama
ÚO	An tÚdarás Oideachais
EITP	Clár Bunathraithe Luath-idirghabhála
ETI	An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
OBA	Cuntasacht Torthaí-bhunaithe
PEAG	Grúpa Comhairleach na Réamhscolaíochta
PSEP	Clár Oideachais Réamhscolaíochta

Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais MÄNNYSTRIE O Lear

Getting Ready to Learn

ea Education Authority
Údarás Oideachais
Lear Owerance

ULLMHÚ I DTREO NA FOGHLAMA (GRtL)

Timpeallacht Foghlama an Bhaile a Fheabhsú

Paca Iarratais